(Supplementary Order Paper)

DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 10 *Meán Fómhair*, 2020
Thursday, 10*th September*, 2020

An Lárionad Coinbhinsiúin, Baile Átha Cliath
Convention Centre Dublin

10.30 a.m.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Fógraí Tairisceana: Notices of Motions

***b*5.** "I ndáil leis an tuarascáil ón gCoiste um Buan-Orduithe agus Athleasú na Dála dar dáta an 8 Meán Fómhair 2020—

(*a*) d'ainneoin aon ní sna Buan-Orduithe—

(i) go ndéanfar an sceideal i gcomhair sheachtain suí na Dála, atá in Aguisín 1 a ghabhann leis an tuarascáil, a ghlacadh, agus go mbeidh éifeacht leis go dtí Déardaoin, an 22 Deireadh Fómhair, 2020, tráth a ndéanfaidh an Coiste athbhreithniú ar an sceideal,

(ii) maidir leis an ngnó um thráthnóna ar an Déardaoin de bhun Bhuan-Ordú 159(2), go ndéanfar, go dtí an 22 Deireadh Fómhair 2020, é a thabhairt chun críche laistigh de 75 nóiméad, agus

(iii) go leanfar de Cheisteanna Parlaiminte i scríbhinn de bhun Bhuan-Ordú (50)(2) a fhreagairt ar an gCéadaoin; agus

(*b*) go ndéanfar na leasuithe ar Bhuan-Orduithe Dháil Éireann i dtaobh Gnó Phoiblí atá in Aguisín 2 a ghabhann leis an tuarascáil.

That, in relation to the report of the Committee of Standing Orders and Dáil Reform dated 8th September, 2020—

(*a*) notwithstanding anything in Standing Orders—

(i) the schedule for the Dáil sitting week as contained in Appendix 1 to the report be adopted with effect until Thursday 22nd October, 2020, when the schedule shall be reviewed by the Committee,

(ii) business on Thursday evenings pursuant to Standing Order 159(2) shall, until 22nd October, 2020, conclude within 75 minutes, and

(iii) written Parliamentary Questions pursuant to Standing Order 50(2) shall continue to be answered on Wednesdays; and

(*b*) the amendments to the Standing Orders of Dáil Éireann relative to Public Business as contained in Appendix 2 to the report be made."

—Seán Mac Ambróis, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.